

# Eagarfhocal

*Séamas Ó Neachtain*

Ní minic a bhíonn longa seoil ar dhromchla na farraige na laethanta seo. Ach tuigtear an frása ‘faoi lán seoil’ fós. Tá *An Gael* faoi lán seoil inár dtríú bliain athbheochana. Cén treo a shéidfidh an ghaoth sinn? Ní fheadar, ach táimid ag bogadh ar aghaidh! Pé scéal, ní bhíonn brí litriúil ag an bhfrása sin. Tá an geal-inneall traenach ar an gclúdach faoi lán seoil. Iarsma eile sin. Tá ráillí ann chun a threo a dhíriú. Tá ráillí mar sin ann fós ach ní minic an saghas sin traenach. An bhfuil a fhios agat cén fáth go mbíonn na ráillí sin an fad óna chéile agus a bhíonn? Iarsma eile é sin, mar sin an leithead idir rothaí charbad na tsean-Róimhe! Bhuel, sin an scéal, ar aon nós. Úsáidtear an tomhas caighdeánach seo i Meiriceá, ar an Luas i mBaile Átha Cliatha, agus fiú in Turku na Fionlainne! Sea, is iomaí iarsma atá fite fuaite inár dteanga agus sa saol mór mórthimpeall orainn.

Ceapaimid i gCumann Carad na Gaeilge go bhfuil an stair an-tábhachtach, agus go bhfuil gach a bhfuil againn anois bunaithe ar an uile rud a tháinig romhainn. Bíonn múnlaí againn, dea- agus droch-shamplaí - ciall cheannaithe, mar a deirtear. Chun rud nua a dhéanamh, ní mór na sean-rudaí a thuiscint is a mheas. Bíonn meascán den sean agus nua againn san iris seo. Nílím inár n-ársaitheoirí amháin, gan suim inár n-aois féin againn. Agus nílím aineolach faoin am a chuaigh thart, ach oiread. Is é mar aidhm againn saol saibhir Ghaeilge an lae inniu a neartú agus a chothú, agus é a choimeád fréamhaithe - sinne a choimeád fréamhaithe - in ithir shaibhir Ghaelach ár n-oidhreacht.

Tá a fhios ag gach léitheoir na hirise seo gur scríbhneoir den scoth é Muiris Ó Bric, mar gheall ar a chuid scéalta faoina shaol féin, ó Chorca Dhuibhne go Sasana go Nua-Eabhrac. San eagrán seo, don chéad uair, tá píosa ficin dá chuid, agus is léir go bhfuil sé fréamhaithe san ithir thorthúil chéanna agus a bhí na scéalta eile. Treo nua na gaoithe dó an uair seo, is dócha.

Déantar rud suimiúil nua go minic as cúpla sean-rud a chur le chéile ar nós difriúil. Is iomaí scéal atá ann faoi dhuine ó aois nó ó chultúr áirithe a chuirtear in áit nó aois an-difriúil - John Carter, mar shampla. Is beag áit ná aois nach bhfaightear

Gael inti, agus cumadh ceol is filíocht is ábhar eile iontach mar gheall ar an teagmháil seo lenár gcultúr. Tá samplaí dá leithéid i bhfilíocht Tim Quinlan a chumadh san Iodáil, na hábhar a scríobhtar i Meiriceá agus san Fhionlainn, agus sea, ar fud an domhain. Saibhreas domhanda na Gaeilge, sin a mbíonn ar fáil san iris seo.

Dar ndóigh, téann na fréamhacha siar go hÉirinn, agus fásann na fréamhacha chomh mór agus a fhásann na craobhacha. Bíonn ábhar againn a scríobhtar in Éirinn. San eagrán seo tá béaloideas a sholáthraíonn Pádraig Ó Héalaí. As Corca Dhuibhne ó dhúchas ach ina Ghailmheach le fada, ollamh - agus duine an-chuideachtúil, leis. Bhí deis agam bualadh leis in Astoria Nua-Eabhrac tamall ó shin, i dteannta le Réamonn Ó Cléirigh, Lugh DePaor, Brian DeVale agus cairde gaol eile nach iad. Bhí grianghraf ón oíche sin in eagrán Gheimhreadh 2011.

Tá sraithe Réamonn Uí Chléirigh agus Panu Höglund faoi lán seoil fós, agus beidh níos mó le teacht as seo amach, le cúnaimh Dé, go dtiocfaidh siad i dtír. Nach méanar dúinn an dá thuras seo, trí stair Aighne in Éirinn, agus trí mhistéir i dtír shamhalta. Nach éagsúil iad na hábhair a bhíonn againn!

Is iomaí áit a bhfaightear gliomach, agus a bhfaightear Gaeilgeoir, leis. Duine ar leith a bhí ann san Albain Nua, a cailleadh tamall ó shin - an tOllamh Kenneth Nilsen (ar dheis Dé go raibh sé). Táimid á chuimhneamh is á cheiliúradh, le colún Ghearóid Uí Cheallaigh. Ni bhíonn an stair i bhfad siar uainn i gcónaí. Sea, mairimid ar an idirlíon i nDiaidh ár mbáis, fiú - féach <http://people.stfx.ca/knilsen/> agus beidh tú ábalta guth Ken a chloisteáil fós.

Ceiliúrtar laochra cheol Éireannach an lae inniu, Mairéad Ní Mhaonaigh agus Altan, i gcolún Lugh De Paor. Bíonn an stair á déanamh againn i gcónaí, agus tá albam nua acusan i mblíana - fós gníomhach tá cúig bliana is fiche ar aghaidh!

Ar chúl na hirise, mar is iondúil, tá sean-ábhar ann. An uair seo, díríonn sé ar Robert Emmet, a ceiliúradh in 1803, in 1941 nuair a chéad foilsíodh na hailt seo, agus fós arís in 2012. Nílím chomh fada óna chéile agus a cheapfaí.